Bord Gáis Energy *samhlaímis*

Sa bhaile

BEALTAINE / MEITHEAMH 2009

SAN EAGRÁN SEO

Eolas ar **laghdú praghais** ghás nádúrtha	**3**
Agallamh le buaiteoir ***Heat***	**4**
Coigiltí iontacha nuair a dhéanann tú **the Big Switch** go leictreachas ó Bord Gáis Energy	**6**

Fáilte chuig Sa bhaile

Beidh an samhradh linn go luath, sé sin an séasúr d'athnuachan agus nua-fhiontraíocht, agus an am idéalach atá ann chun **breathnú nua** iontach a thabhairt duit *Sa bhaile*. Rud eile atá ag athrú ná praghas do ghás nádúrtha, atá ag dul síos faoi mheán **12%** ón 1 Bealtaine! Agus is féidir leat níos mó beochta a chur i do shamhradh leis na coigiltí sa bhreis a dhéanfaidh tú nuair a athraíonn tú go leictreachas ó Bord Gáis Energy. Faigh amach conas é seo a dhéanamh ar leathanach 8.

San eagrán seo, gheobhaidh tú chomh maith **agallamh eisiach** le Trevor Thornton, buaiteoir an seó cócaireachta teilifíse ***Heat***, agus roinnt oideas sobhlasta ó **Kevin Dundon**, duine de réalta an seó, le sult a bhaint astu al fresco.

Ba bhreá linn dá gcuirfeá scéal chugainn faoi chéard a cheapann tú de *Sa bhaile*. Déan teagmháil linn ar **athome@bordgais.ie** le aon mholadh atá agat – tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as an méid atá le feiceáil anseo!

TRACEY KENNEDY ***Bainisteoir Seirbhísí do Chustaiméirí***
BORD GÁIS ENERGY

STAITISTIC BHEATHA

100,000
Tá thart ar 100,000 custaiméir tar éis an malartú mór a dhéanamh cheana féin go leictreachas ó Bord Gáis Energy

12%
Tá áthas orainn a fhógairt go mbeidh meán-laghdú de 12% ar chostas ghás nádúrtha dár gcustaiméirí

€220
Faigh amach conas a shábháil Andrea agus Aaron ar a mbille teasa bliantúil ag www.bordgaisenergy.ie/powerofone

Ón 1 Bealtaine 2009, tá titim ghéar sa phraghas a bheidh le n-íoc agat don ghás nádúrtha – meán de 12%. Nuacht mhaith atá ansin ag aon am, ach tá sé sin níos maithe fós na laethanta seo. Samhlaigh cé chomh áisiúil is a bheidh sé nuair atá cuid bheag airgid sa bhreis i do phóca! Seo meastachán ar an méid a d'fhéadfá a shábháil lenár rátaí nua níos ísle, ag brath ar an dtaraif a bhaineann leat.

GNÁTH-THARAIF CHÓNAITHE

	ROIMHE (LE CBL)	ROIMHE (GAN CBL)	NUA (LE CBL)	NUA (GAN CBL)	SÁBHÁIL
Buanmhuirear	€59.02	€52.00	€59.02	€52.00	0
Praghas aonaid	6.210	5.471	5.464	4.814	12%

Tá dhá eilimint sa tharaif seo, an muirear seasta agus an muirear don gás nádúrtha a úsáideann tú.

TARAIF GAN MUIREAR SEASTA

	ROIMHE (LE CBL)	ROIMHE (GAN CBL)	NUA (LE CBL)	NUA (GAN CBL)	SÁBHÁIL
Leibhéal 1 - Praghas aonaid	7.999	7.048	7.254	6.391	9.3%
Leibhéal 2 - Praghas aonaid	6.210	5.471	5.464	4.814	12%

Dearadh an taraif seo le haghaidh custaiméirí ar fearr leo gan muirear seasta a íoc. Ina áit, tá dhá leibhéal muirir: tá an chéad 3,550 aonaid muirearaithe ag rátaí Leibhéal 1, le breis aonad muirearaithe ag ráta Leibhéal 2.

TARAIF SÁBHÁLA UM GHEIMHREADH

	ROIMHE (LE CBL)	ROIMHE (GAN CBL)	NUA (LE CBL)	NUA (GAN CBL)	SÁBHÁIL
Buanmhuirear	€266.73	€235.00	€241.80	€213.04	9.3%
Aonaid chuachta	3420	3420	3420	3420	0
Praghas aonaid	6.210	5.471	5.464	4.814	12%

Leis an taraif seo beidh muirear seasta de €241.80 (€213.04 gan CBL san áireamh) in aghaidh na bliana. Tá sé seo cothrom le 66.2 cent in aghaidh an lae, agus tá tú i dteideal ansin 3,420 aonaid chuachta a fháil thar tréimhse an gheimhridh gan táille bhreise a ghearradh ort. Cabhraíonn 'sábháil um gheimhreadh' le cothromú a dhéanamh ar chostais d'úsáid gháis le linn na bliana, rud atá ina chabhair leis na billí is mó le linn mhíonna an Gheimhridh.

Má tá aon cheist agat maidir leis na gcoigiltí seo le do thoil tabhairt cuairt ar ár suíomh gréasáin ag www.bordgaisenergy.ie nó glaoigh orainn ag 1850 632 632

FAIGHEANN BUAITEOIR HEAT GRÍOSCADH...

Phléasc teochtaí ardaitheacha chistin an phríomhchócaire isteach i seomraí suí na tíre i *Heat*, seó comórtais cócaireachta RTÉ, urraithe go bródúil ag Bord Gáis Energy. Chuir na céadta duine iarratais isteach chun dul ar an seó, ach ní bhfuair ach 20 duine an deis ar deireadh. Lean comórtas fíochmhar ina dhiadh sin, nuair a bearradh síos na príomhchócairí amaitéaracha géara seo, a bhí treoraithe ag Kevin Dundon agus Kevin Thornton, thar 8 eipeasóid a bhí faoi iomaidh mhór, go dtí nach raibh fágtha ach beirt.

D'éirigh le Trevor Thornton ó Fhoireann Thornton an bua a bhaint amach tar éis comórtais dheiridh chorraitheach le Patricia George ó Fhoireann Dundon. Labhramar go heisiatach le Trevor, innealtóir de 31 bliain d'aois ón Muileann gCearr, faoina am ar an seó.

Conas ar tharla sé gur chuir tú iarratas isteach don chomórtas?
D'fhéach mé ar sraith a haon agus bhí mé ag faire amach ar shuíomh Gréasáin RTÉ don chéad sraith eile. Is cosúil gur mise an chéad duine a chuir iarratas isteach!

Cén fáth ar theastaigh uait iarratas a chur isteach?
Bhí suim agam sa chócaireacht i gcónaí, agus is breá liom brú a chur orm féin. Ar an seó, bhí mé ag cur mo chuid scileanna agus inniúlachtaí féin suas i gcoinne na daoine eile go léir a bhí páirteach.

An phríomhaidhm a bhí agam ná chun a fháil amach cé chomh oilte is a bhí mé mar chócaire i ndáirire.

Cé chomh corraitheach is a bhí sé sa chistin i ndáirire idir an dá Kevin?
Is beirt chócaire ar leith iad Kevin T agus Kevin D. Pé am ag a dtagann siad isteach i gcistin *Heat*, teastaíonn uathu go mbeadh an bua acu, agus nuair a fheiceann siad rud éigin nach n-aontaíonn siad le, teastaíonn uathu an cás a fheabhsú. Bíonn teannas sa chistin de bharr seo, ach nílim in ann a rá i ndáirire go raibh aon teannas díreach idir an dá Kevin. Bhí móimint chorraitheach amháin idir Kevin D agus mé féin, ach sin é an saol.

Ar chuir do mheantóir faoi mhórán brú thú?
Is meantóir iontach é Kevin Thornton. Lig sé dom dul ar aghaidh le mo thuairimí féin, agus níor thóg sé aon ghníomh ach amháin nuair a bhí rud éigin mícheart á dhéanamh agam. Ceapaim féin go bhfuilim ag iarraidh foirfeacht a bhaint amach i ngach gné den saol, agus sa chócaireacht d'fhéadfainn na huaireanta a chaitheamh ag lorg na gairnisí foirfe mar a dhéanann Kevin T. Agus mé ag iarraidh foirfeacht a bhaint amach, chuir mé mé féin faoi mhórán brú. Is maith le Kevin daoine a fheiceáil faoi bhrú mar tá sé in ann a fheiceáil ansin conas a ghníomhaíonn siad.

Ón gclé: Kevin Dundon, an dara duine is mire - Patricia George, Kevin Thornton agus an buaiteoir Trevor Thornton

Conas ar mhothaigh sé nuair a bhuaigh tú?

Bhí áthas an domhain orm! Thóg mé céim ar céim é. I rith scannánaíocht an bhabhta leathcheannais, dúirt Kevin T rud amháin a bhí an-tábhachtach. Sé sin: 'Trevor, cócaráil gach béile fé mar a bheadh do bhéile deireanach sa chomórtas seo á chócaráil agat.' Sin a dhein mé ag gach céim, agus nuair a oscail mé an scórchárta tar éis an chomórtais deiridh, chonaic mé 'naoi' air agus bhí áthas an domhain orm. I ndiaidh an obair crua go léir, barr maise a bhí ann!

Céard a cheap do chairde agus do theaghlach faoin mbua?

Ceapann mo mháthair go mbeidh mé i mo phríomhchócaire cáiliúil, ach níl an tuairim chéanna agamsa! Ar an iomlán cheapadar go léir gur éacht iontach a bhí ann agus bhí siad uile an-bhródúil asam.

An ortsa atá an dualgas chun an chócaireacht go léir a dhéanamh sa bhaile anois?

Is mise a dhéanann an chócaireacht sa bhaile riamh, ach chócarálann mo bhean chéile nuair a táim ag obair go déanach. Ní miste liom cócaireacht a dhéanamh ag aon am agus do líon daoine ar bith!

Ar bhain tú taitneamh as *Heat*?

Bhaineas sult as beagnach gach nóiméad de. Bhí an-strus ag baint leis an chéad bhabhta agus muid ag súil leis an gcomórtas féin. Ansin, bhí áthas orm nuair a d'éirigh liom. Mar a dúras ar an gceamara oíche an chéad bhabhta: 'Mholfainn an comórtas seo d'éinne a bhfuil suim acu sa chócaireacht, agus a theastaíonn uathu dul go dtí an chéad céim eile.'

Faigh amach níos mó faoi *Heat*, lena n-áirítear oidis, ag www.bordgaisenergy.ie/recipes

SÁBHÁIL 12-14%* NUAIR A DHÉANANN TÚ

THE BIG SWITCH

Ní hamháin go bhfuil costas do ghás nádúrtha á laghdú againn, ach is féidir linn do bhillí leictreachais a laghdú chomh maith. Tá thart ar 100,000 duine ag baint taitneamh as coigiltí móra tar éis athrú go dtí leictreachas ó Bord Gáis Energy. Déan an Big Switch inniu agus beidh tusa in ann 12%* ar a laghad a shábháil ar rátaí an ESB, fiú amháin má athraíonn siad a bpraghasanna arís. Roghnaigh an áisiúlacht d'íocaíocht a dhéanamh trí Dhochar Díreach agus sábhálfaidh tú 2%* eile - sin 14%* in iomlán.

Tá sé éasca an athrú a dhéanamh. Le do bhille leictreachais reatha ar lámh agat, glaoigh orainn ag 1850 46 56 66 nó tabhair cuairt ar www.thebigswitch.ie agus déanfaimid an chuid eile. Níl aon athrú chuig do mhéadar nó do shreangú, an t-aon difríocht amháin ná go mbeidh coigiltí móra á dhéanamh agat.

Tá an lascaine seo ag baint le ráta aonaid taraif teaghlaigh infheidhmithe an ESB, agus feidhmíonn sé ar chaitheamh leictreachais na chéad bliana amháin. Ina dhiaidh sin, rachaidh gnáth-tharaif lascaine Bord Gáis Energy i bhfeidhm, agus tá sé seo ráthaithe chun a bheith 5%, ar a laghad, faoi rátaí aonaid an ESB i gcomhair bhliain a dó agus a trí den tairiscint seo. Téann téarmaí agus coinníollacha i bhfeidhm.

TEIL: 1850 46 56 66
thebigswitch.ie